# NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

# AN COIMISIÚN EORPACH

## Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

**(Cás M.10560 - SIKA / MBCC GROUP)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

(2022/C 484/29)

1. An 12 Nollaig 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Sika International AG ("Sika", an Eilvéis), fochuideachta 100 % de chuid SIKA AG ("Sika AG", an Eilvéis),

— LSF11 Skyscraper Holdco S.à.r.l. ("MBCC", Lucsamburg), máthairchuideachta deiridh MBCC Group.

Gheobhaidh Sika rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar MBCC ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

Cuireadh an comhchruinniú céanna in iúl don Choimisiún cheana an 7 Meitheamh 2022 ([2]), ach tarraingíodh an fógra siar ina dhiaidh sin an 4 Iúil 2022 ([3]).

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— i gcás Sika: grúpa atá gníomhach i bhforbairt, i dtáirgeadh agus i soláthar meascán ceimiceach, moirtéal, séaltán agus greamachán, ábhar maolaithe agus treisithe, córas neartaithe struchtúracha, urláir thionsclaíoch chomh maith le córais dín agus uiscedhíonta a úsáidtear san earnáil tógála agus ag na tionscail déantúsaíochta, ar an leibhéal domhanda,

— i gcás MBCC: grúpa ina bhfuil dhá aonad gnó atá gníomhach ar an leibhéal domhanda, is é sin (i) "meascáin cheimiceacha", a sholáthraíonn réitigh do chustaiméirí sna tionscail déantúsaíochta coincréite, stroighne agus tógála faoi thalamh, agus (ii) "córais tógála", a chuireann réitigh ar fáil chun foirgnimh agus struchtúir a chosaint agus a dheisiú.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a d'fhéadfadh a bheith acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 234, 17.6.2022, lch. 5.
([3]) IO C 265, 11.7.2022, lch. 8.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10560 - SIKA / MBCC GROUP

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

an Coimisiún Eorpach
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË